

## Ról an Oifigigh Teagmhála Sonraí Oscailte

Foilsíodh an Straitéis náisiúnta Sonraí Oscailte 2017-2022 i mí Iúil 2017 tar éis cinneadh Rialtais. Tógann an Straitéis ar éachtaí suntasacha atá bainte amach maidir leis an Tionscnamh Sonraí Oscailte a chur chun feidhme go dtí seo. Cuireann sí ar fáil creat le haghaidh sonraí a úsáid chun a chinntiú go seachadtar seirbhísí poiblí ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla agus ar chaoi atá idir thrédhearcach agus chuntasach. Is dhá phríomhchuspóir den Straitéis iad foilsiú sonraí rialtais ardluacha i bhformáid oscailte, iad a chur ar fáil go poiblí agus in-athúsáidte go saor; agus teagmháil a dhéanamh le pobal leathan páirtithe leasmhara chun úsáid na sonraí a chur chun cinn chun sochair do gach earnáil den gheilleagar.

Is é Téama 7 de Straitéis Sonraí Oscailte 2017-2022 a áirithiú go bhfuil struchtúir rialachais éifeachtacha i bhfeidhm chun an Straitéis a chur chun feidhme. Iarrann Gníomh 7.4 faoin téama seo go n-ainmneoidh gach comhlacht poiblí duine sinsearach/foireann laistigh dá n-eagraíocht a fheidhmeoidh mar dhuine Teagmhála maidir le Sonraí Oscailte. Feidhmeoidh siad seo mar phointe teagmhála leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Sonraí Oscailte agus cabhróidh siad tacú leis an tionscnamh go ginearálta. Cuirtear síos ar an ról molta ar bhonn níos sonraithe thíos anseo agus ní shamhlaítear é a bheith róthrom. Mar sin féin, de bhrí gur bearta náisiúnta comhaontaithe Rialtais í an Straitéis, tá tábhacht ar leith ag baint le ról an oifigigh Teagmhála Sonraí Oscailte laistigh dá n-eagraíocht féin nuair a chuirtear san áireamh go dteastaíonn ceannach isteach ag gach leibhéal den eagraíocht. Ní mór Cosantóirí Sonraí Oscailte a bheith lonnaithe ar fud eagraíochta, ag leibhéal sinsearach san áireamh.

### Sonraí an Róil:

- Feidhmiú mar Phointe Teagmhála don Aonad Sonraí Oscailte maidir leo a bheith ag eagrú cruinnithe le bhur n-eagraíocht.
- Nuashonruithe gearra ar dhul chun cinn a sholáthar don Aonad Sonraí Oscailte maidir le gníomhaíochtaí sonraí oscailte laistigh de bhur n-eagraíocht ar bhonn ráithiúil.
- Feidhmiú mar Phointe Teagmhála le haghaidh aon fhiosruithe a gheobhaidh an tAonad Sonraí Oscailte maidir le sonraí ó bhur n-eagraíocht agus a bheith ag obair le réimsí beartais a bhainistíonn sonraí chun a scaoileadh a spreagadh.
- Fógraí etc. a scaipeadh maidir le sonraí oscailte a fhéadfar a eisiúint ón Aonad Sonraí Oscailte.
- Foilsiú agus úsáid sonraí oscailte a chur chun cinn agus a spreagadh laistigh de bhur n-eagraíocht chomh maith lena spreagadh go nascfar gach sonraí mar sin leis an tairseach náisiúnta sonraí oscailte [data.gov.ie](http://data.gov.ie) – feidhmiú mar chosantóir Sonraí Oscailte nó daoine eile a spreagadh sin a dhéanamh.
- Feasacht a ardú in bhur n-eagraíocht ar an ngá iniúchadh sonraí a dhéanamh agus plean foilsitheoireachta a ullmhú le haghaidh sonraí oscailte. Ní gá gurb é an tOifigeach Teagmhála a dhéanfaidh ceachtar de na tasc seo ach ba cheart dó nó di cabhrú maidir lena áirithiú go ndéanfar iad. Tabhair faoi deara go mbeidh Eagraíochtaí ag déanamh iniúchtaí sonraí sa chomhthéacs a bhaineann le comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus

d'fhéadfadh iniúchadh Sonraí Oscailte a bheith mar chuid de seo – dhéanadh iniúchtaí sonraí oscailte measúnú a dhéanamh ar shonraí neamhphearsanta a d'fhéadfaí a chur ar fail i bhformáidí atá inléite ag meaisín.

- Infhaighteacht an chreata le haghaidh oiliúint maidir le sonraí oscailte agus an chreata le haghaidh tacaíocht theicniúil maidir le sonraí oscailte a chur chun cinn laistigh de bhur n-eagraíochtaí.
- A bheith ag obair leis an Aonad Sonraí Oscailte maidir lena chinntiú go bhfuil tacair sonraí ar an tairseach náisiúnta atá ábhartha do bhur n-eagraíocht comhlíontach leis an gcreat teicniúil um Shonraí Oscailte.
- Cumarsáid agus teagmháil a dhéanamh le hOifig Theagmhála Sonraí Oscailte i gcomhlachtaí poiblí eile de réir mar is cuí.